bord gais irish pdf 10/5/02 1:06 pm Page 1

# Cód Cleachtais




## Cód Cleachtais idir Bord Gáis Éireann agus an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán


BORD GÁIS

**An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán**
*Department of Arts, Heritage, Gaeltacht and the Islands*

**Dúchas**
*The Heritage Service*

bord gais irish pdf 10/5/02 1:06 pm Page 2





## Réamhrá

Is toradh dlúth-chomhoibrithe idir mo Roinn féin agus Bord Gáis Éireann thar thréimhse míonna é an Cód Cleachtais seo. Tairgíonn sé cur chuige páirtíoch i gcomhair bhainistíocht éifeachtach chaomhnú oidhreacht seandálaíochta na tíre, i gcomhthéacs mórfhorbartha ar ollscála. Tá Bord Gáis ar tí tabhairt faoi cheann de na forbairtí bonneagair is mó i stair an Stáit, na phíblíne gáis ó Mhaigh Eo go Gaillimh agus ó Ghaillimh go Luimneach go Baile Átha Cliath. Ar an iomlán, tá 265km de phíblíne i gceist. De bharr chur chuige struchtúrtha Bhord Gáis agus úsáid fhorleathan teicnící ar nós ghrianghrafadóireachta aerga, ní bheidh aon fhiosrúchán riachtanach ach i gcás cúig láithreán seandálaíochta ar an 265km seo. Tá suntas ar leith ag baint leis seo i gcomhthéacs tháithí Bhord Gáis go dtí seo, go háirithe sa tionscnamh píblíne ó Chorcaigh go Baile Átha Cliath nuair a thángathas ar go leor ábhair a raibh tábhacht seandálaíochta leis agus nuair a chruthaigh Bord Gáis é féin mar cheannródaí i ndea-chleachtas caomhnaithe.

Tugann rath na gCód Cleachtais a leagadh síos le Bord na Móna agus le hÚdaras na mBóithre Áitiúla ceannródaíocht d'eagraíochtaí forbartha eile. Agus é ag tógail ar na socruithe luatha seo, is meascán rathúil é an Cód seo de dhearcadh an tógálaí agus de dhearcadh an chaomhnóra, dearcaidh a bhíonn in aghaidh a chéile go minic. Is gaisce suntasach é an dearcadh comhmhuiníne idir na tuairimí difriúla seo a léirítear sna Cóid seo.

Faoi láthair, nuair atá forbairt shuntasach bhonneagair á déanamh, b'éasca an tapúlacht a chur chun tosaigh ina áit chosaint ár n-oidhreachta, ach tá léirithe ag Bord Gáis, trí ghlacadh leis an gCód seo, go dtuigeann sé tábhacht an chaomhnaithe agus a chuid aidhmeanna agus spriocanna á gcur i gcrích aige.

Síle de Valera, TD,
An tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán

Cód Cleachtais

bord gais irish pdf 10/5/02 1:06 pm Page 4



cód Cleachtais



## Cód Cleachtais idir Bord Gáis Éireann agus an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán

## Réamhrá

Is í aidhm an chóid seo creatlach a sholáthar taobh istigh de reachtaíocht agus de pholasaithe atá ar fáil cheana féin le cur ar chumas Bhord Gáis leanacht ar aghaidh lena chlár sholáthar píblínte nua gáis i mbealach a chinntíonn cosaint oidhreacht seandálaíochta an Stáit.

Tugann an cód ceann do na nithe a leanas: polasaí an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltacha agus Oileán a léirítear in Framework and Principles for the protection of Archaeological Heritage (1999), na meicníochtaí reachtúla faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-1994) a chosnaíonn séadchomharthaí agus láithreáin seandálaíochta, agus ról reachtúil Bhord Gáis a léirítear san Acht Gáis (1976) agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

Tá an cód bunaithe ar shraith aontaithe prionsabal agus gníomhaíochtaí atá leagtha amach anseo thíos.



## Tá an cód bunaithe ar na prionsabail aontaithe seo a leanas:

1. Tá de dhualgas ar an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán ár n-oidhreacht seandálaíochta a chosaint agus cumhachtaí caomhnúcháin a úsáid faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-1994 agus de réir an Choinbhinsin Eorpaigh i gcomhair Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta.

2. Tá ról reachtúil ag Bord Gáis gréasán náisiúnta gáis atá slán agus éifeachtach a sholáthar.

3. Tá impleachtaí tábhachtacha seandálaíochta ag baint le forbairt an ghréasáin seo a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu mar gur acmhainn neamh-inathnuaite í an oidhreacht seandálaíochta.

4. Glacann Bord Gáis freagracht as fiosrúchán seandálaíochta, obair thochailte agus obair iarthochailte a mhaoiniú mar ghné riachtanach de na costais a bhaineann le gréasán gáis nádúrtha a sholáthar de réir an phrionsabail 'íocann an forbraitheoir' agus de réir pholasaí an Aire atá leagtha síos roimhe seo.

5. Glacann Bord Gáis leis gur cleachtas maith é gach iarracht a dhéanamh tionchar díreach ar ábhar seandálaíochta a sheachaint, ag tógáil impleachtaí dearaidh agus slándála san áireamh.

6. Ghlac Bord Gáis le cur chuige páirtíoch le polasaí don ghréasán náisiúnta gáis a chruthú, ag cur san áireamh impleachtaí na hoibre seo do chaomhnú láithreán agus séadchomharthaí seandálaíochta.

7. Aontaíonn an dá pháirtí go laghdaíonn pleanáil mhaolaitheach a luaithe agus is féidir an tionchar a bhíonn ar an oidhreacht seandálaíochta.

8. Coimeádann gach páirtí an ceart achomharc a iarraidh in aghaidh cinnidh.

9. Aontaíonn an dá pháirtí go mbunófar foireann chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an chóid chleachtais seo agus chun athbhreithniú foirmeálta a dhéanamh air laistigh den chéad bhliain dá fheidhmiú agus ag amanna socraithe ina dhiaidh sin.

cód Cleachtais

bord gais irish pdf 10/5/02 1:06 pm Page 6





## Gníomhartha Aontaithe

### Déanfaidh Bord Gáis na nithe a leanas:

1. Ceapfaidh Bord Gáis, nó cinnteoidh sé go gceapfar, seandálaí ainmnithe amháin a dhéanfaidh comhordnú ar mhíreanna seandálaíochta uile an phróiseis ó chéim an dearaidh go dtí comhordnú agus cur i bhfeidhm an obair riachtanach seandálaíochta. (Féach Aguisín 1 & 2 le haghaidh mionchur síos ar ról an tseandálaí thionscadail.)

2. Rachaidh Bord Gáis i gcomhairle leis an Aire le cinntiú go bhfuil a dhóthain ama ag Dúchas lena aird cheart a thabhairt do na staidéir sheandálaíochta.

3. Cinnteoidh Bord Gáis go mbeidh go leor ama ar fáil roimh ré leis na ceadúnais riachtanacha a fháil a bhaineann leis an staidéar seandálaíochta réamhthógala, le monatóireacht a dhéanamh ag céim na tógála féin, agus le tochailtí a dhéanamh agus cuntais a choinneáil orthu le linn thionscadail leagan píblíne.

4. Cinnteoidh Bord Gáis go mbeidh an seandalaí tionscadail ina bhall den fhoireann bhainistíochta agus go mbeidh baint aige / aici le gach céim den chlár oibreacha le comhairle a thabhairt maidir le himpleachtaí seandálaíochta an chláir, agus maidir le hathruithe a d'fhéadfadh tarlú le linn tógála. Cinnteoidh an seandálaí tionscadail go gcuirfí an fhoireann seandálaíochta ar an eolas faoi aon athruithe a thagann ar chlár oibre an chonraitheora agus go n-athrófaí an clár seandálaíochta dá réir.







cód Cleachtais

5. Soláthróidh Bord Gáis an maoiniú cuí chun cuntas inghlactha ar na láithreáin a thagtar orthu le linn leagan píblíne gháis a chur ar fáil, cuntas a d'fhéadfaí a chur os comhair an phobail.

6. Coinneoidh Bord Gáis cuntais ar na séadchomharthaí nó ar na láithreáin seandálaíochta uile, nó ar na codanna díobh a gcuireann na hoibreacha tógála isteach orthu.

7. Coinneoidh Bord Gáis cuntas ar aon séadchomhartha eile nó ar aon láithreán seandálaíochta eile a n-aithnítear a luach a thagtar air le linn chéim thógála na forbartha, agus cuirfidh sé go leor ama ar fáil leis an gcuntas seo a chur i riocht a bheidh sásúil don Aire.

8. Cuirfidh Bord Gáis an maoiniú cuí ar fáil le coinníoll iarthochailte Dúchas agus Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann a chomhlíonadh; san áireamh anseo beidh caomhnú nithe seandálaíochta, anailís eolaíocha agus dátáil a chur ar fáil, mar aon le tuarascálacha ar chaighdeán a shásóidh an tAire faoin obair seandálaíochta uile a chur le chéile.



### Déanfaidh an tAire (trí Dúchas, an tSeirbhís Oidhreachta de chuid an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta and Oileán) na nithe a leanas:

1. Cinnteoidh an tAire go ndéanfar próiseáil phoncúil ar iarratais ar cheadúnais tochailtí seandálaíochta, ag tógáil san áireamh práinneacht agus ord an chlárama tógála a bhíonn ann do phíblínte gáis.
2. Socróidh an tAire clár iniúchtha, monatóireachta agus oibre leis an seandálaí tionscadail i gcomhair gach céim den obair thógála a bhaineann le leagan na bpíblínte gáis.
3. Socróidh an tAire córas tochailtí leis an seandálaí tionscadail, a mbeidh uas-amscálaí molta do na tochailtí luaite ann (le cur i bhfeidhm ag an seandálaí tionscadail faoi smacht agus faoi mhonatóireacht Dúchas).
4. Glacfaidh an tAire leis gur féidir le stiúrthóir ceadúnaithe a bheith freagrach as níos mó ná láithreán amháin áit ar féidir a thaispeáint go bhfuil na láithreáin atá i gceist mar chuid de choimpléisc iarsmaí agus gur féidir an obair sheandálaíochta a dhéanamh i mbealach a shásóidh an tAire.
5. Leagfaidh an tAire síos critéir le láithreáin agus le ceantair le hacmhainn mhór seandálaíochta a aithint, critéir a thabharfaidh le fios méid na tochailte seandálaíochta a bheidh le déanamh.
6. Tabharfaidh an tAire freagra taobh istigh de cheithre seachtaine maidir le measúnuithe agus staidéir sheandálaíochta; san áireamh anseo beidh na Measúnuithe Timpeallachta mar aon le haon mholtaí maolaitheacha, chun cabhrú le Bord Gáis iarratas a dhéanamh cead a fháil le tabhairt faoi thionscnaimh thógála faoi Rannóg 8 den Acht Gáis 1976.
7. Eiseoidh an tAire treoirlínte faoi mhéid na hoibre is féidir a dhéanamh ar láithreáin a aithníodh faoi cheadúnas monatóireachta chun cúnamh a thabhairt i gcur le chéile iarratas ceadúnais agus ráiteas modheolaíochta i gcomhair tochailtí iomlána.



## Aguisín 1

### Ról an tSeandalaí Thionscadail i gcás Mórscéimeanna

Mar chuid dá chód cleachtais, aontaíonn Bord Gáis go gceapfar seandálaí tionscadail a luaithe agus is féidir .i. ag céim na réamh-phleanála.

### Baineann na míreanna thíos leis an Seandálaí Tionscadail:

- Beidh sé / sí fostaithe ag Bord Gáis i gcomhair tréimhse atá leagtha síos.
- Beidh sé / sí ag obair i gcomhar leis na hinnealtóirí dearaidh ag céim na pleanála bealaigh le cúnamh a thabhairt i roghnú an bhealaigh, le cinntiú go gcuirtear impleachtaí seandálaíochta san áireamh agus go ndéantar a laghad cur isteach agus is féidir ar láithreáin aitheanta seandálaíochta nó ar cheantair a bhfuil tábhacht seandálaíochta leo.
- Ullmhóidh sé / sí sainchuntas don seandálaí comhairleach ag an gcéim EIA agus cinnteoidh sé / sí go bhfuil an réamhobair ar fad (réamhstaidéar, obair pháirce, grianghrafadóireacht agus suirbhéanna) déanta ar ardchaighdeán.
- Déanfaidh sé / sí cinnte go bhfuil na moltaí EIA agus maolaitheacha ag teacht leis na cleachtais agus na polasaithe is fearr a mholann Dúchas.
- Cinnteoidh sé / sí go mbeidh na tochailtí ar fad ar chaighdeán sasúil.
- Dearbhóidh sé / sí na costais uile seandálaíochta.
- Cinnteoidh sé / sí go bhfuil an obair iarthochailte mar aon leis na tuarascálacha tochailte ar ardchaighdeán.

Cóód Cleachtais

## Aguisín 2

### An Caidreamh idir an Seandálaí Tionscadail agus an Seandálaí Comhairleach i gcás tochailtí seandálaíochta

Fostóidh Bord Gáis an seandálaí tionscadail. Sa téacs thíos tá soiléiriú ar ról an tseandálaí i gcás na dtochailtí.

- Dearfaidh an seandálaí tionscadail, in éineacht leis an seandálaí comhairleach, ráitis mhodheolaíochta do na tochailtí seandálaíochta a theastaíonn agus cinnteoidh sé / sí go bhfuil na hiarratais cheadúnais in ord sula seoltar chuig Dúchas iad. Leagfaidh na ráitis mhodheolaíochta síos an bealach ina ndéanfar na tochailtí, agus cuirfear amscálaí ar fáil iontu i gcomhair chur le chéile na gcuntas láithreáin.

- Beidh an seandálaí tionscadail freagrach as na tochailtí seandálaíochta agus ní mór dó / di a chinntiú go ndéanfar an obair de réir na ráiteas modheolaíochta aontaithe agus taobh istigh de na hamscálaí aontaithe.

- Tabharfaidh Dúchas údarás don seandálaí tionscadail cinnithe a dhéanamh faoi aon athruithe a dhéanfar ar an ráiteas mod-heolaíochta agus a rá leis an sealbhóir ceadúnais an modh tochailte a athrú dá réir.

- Cuirfidh Dúchas treoirlínte ar fáil don seandálaí tionscadail ina mbeidh cur síos ar na cuinsí a cheadaíonn athruithe ar an ráiteas modheolaíochta.

- Beidh an sealbhóir ceadúnais freagrach as na tochailtí seandálaíochta, ach beifear ag súil go ndéanfar na tochailtí de réir an ráitis mhodheolaíochta a aontaíodh agus go leanfaí treoracha an tseandálaí thionscadail. Cuirfidh Dúchas treoirlínte ar fáil do na seandálaithe comhairleacha ag léiriú rólanna an tseandálaí thionscadail agus an tsealbhóra cheadúnais agus ag sainiú na gcúinsí inar féidir athruithe a dhéanamh ar an ráiteas modheolaíochta, mar aon le cur síos ar údarás an tseandálaí thionscadail maidir leis seo.





Cóod Cleachtais

- Beidh dualgas ar an seandálaí tionscadail agus ar an sealbhóir ceadúnais a chinntiú go gcoinnítear cuntas ar chaighdeán inghlactha ar na láithreáin a bhfuil tochailt á déanamh orthu agus i modh a thagann le nádúr caomhnaithe na dtochailtí. Cuirfidh an seandálaí tionscadail tuarascálacha ar fáil ó am go chéile faoi dhul chun cinn an chláir sheandalaíochta agus beidh sé / sí i dteagmháil leis an sealbhóir ceadúnais le cinntiú go dtéann na tuarascálacha cuí uaidh / uaithi sin chuig Dúchas agus chuig Iarsmalann Náisiúnta na hÉireann de réir choinníollacha an cheadúnais.

bord gais irish pdf 10/5/02 1:06 pm Page 12



# Cód Cleachtais

- Má tharlaíonn easaontas idir an seandalaí tionscadail agus sealbhóir an cheadúnais maidir leis na tochailtí, is é Dúchas a dhéanfaidh cinneadh faoin gconspóid. Beidh sé ráite go soiléir i dtreoirlínte na seandálaithe go bhfuiltear ag súil go nglacfaidh sealbhóirí ceadúnais le treoracha an tseandálaí thionscadail agus nár cheart iarratais a dhéanamh do Dúchas ach amháin nuair atá mórchúis imní ag an sealbhóir ceadúnais nach bhfuil caighdeáin inghlactha tochailte á gcur i bhfeidhm nó nach bhfuil cuntais ar ardchaighdeán a gcoinneáil. Léireoidh na treoirlínte freisin gurb é an seandálaí tionscadail atá freagrach as bainistiú an chláir sheandálaíochta ar glacadh leis agus nach mbeidh baint ag Dúchas le gnáthfheidhmiú laethúil an chláir. Mura gcloínn sealbhóir ceadúnais leis an ráiteas modheolaíochta, nó le treoracha bailí ón seandalaí tionscadail, is féidir an ceadúnas a bhaint uaidh / uaithi.

- Cinnteoidh Dúchas go n-aithneofar údarás an tseandálaí thionscadail athruithe a dhéanamh ar an ráiteas modheolaíochta agus treoracha a thabhairt don sealbhóir ceadúnais nuair atá na treoracha seo ag teacht leis na treoirlínte féin.

